Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission
Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí
Cornamaddy, Athlone, Co. Westmeath

Teileafón: +353-90-644 2746. Facs:+353-90-647 3080. Gréasán: www.examinations.ie. R-phost: info@examinations.ie

S89/15
Chuig: Údaráis Bhainistíochta na Scoileanna Dara Leibhéal

Teidil Dualgais don Obair Dhialainne san Oideachas Reiligiúnach don Teastas Sóisearach in 2016 agus in 2017

1. Tugadh isteach siollabas nua don Oideachas Reiligiúnach i Meán Fómhair 2000 agus scrúdaíodh é den chéad uair i scrúdú an Teastais Shóisearaigh in 2003.

2. Cuireann an siollabas in iúl go mbainfidh dhá ghné leis an measúnacht ar an Oideachas Reiligiúnach – (1) páipéar scríofa cinn chúrsa, agus (2) obair dhialainne. Eisíodh na teidil don obair dhialainne do Scrúdú an Teastais Shóisearaigh in 2016 le Ciorclán S93/14. Tá na teidil don obair dhialainne do Scrúdú an Teastais Shóisearaigh in 2017 istigh leis seo, in éineacht leis na teidil do 2016.

3. Tá na teidil chéanna ag gabháil leis an nGnáthleibhéal agus leis an Ardleibhéal. Tá ar na hiarrthóirí obair dhialainne a chur isteach faoi **aon teideal amháin**.

4. Déanfar measúnacht sheachtrach ar an ábhar ag an nGnáthleibhéal agus ag an Ardleibhéal. **Beidh 20% de na marcanna ag gabháil leis an obair dhialainne ag an dá leibhéal. Tugtar do bhur n-aire go nglacann leithdháileadh na marcanna seo ionad leithdháileadh na marcanna úd atá luaite sa siollabas don Oideachas Reiligiúnach.**

5. Agus iad ag dul i mbun obair dhialainne, tá cead ag iarrthóirí oibriú i ngrúpaí, nó tá cead ag an rang iomlán cuairt a thabhairt ar áit nó fiosrúchán a dhéanamh. Ní mór do gach iarrthóir dialann indibhidiúil a chomhlánú, áfach, agus a chur isteach le haghaidh measúnachta.

6. Tá treoirlínte maidir le dul i mbun obair dhialainne le fáil in *Oideachas Reiligiúnach – Treoirlínte do Mhúinteoirí* a eisíodh i mí an Mheithimh 2001.

7. Ní mór an obair dhialainne a chur isteach i bhfoirm chaighdeánach i leabhrán a chuirfidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit ar fáil chuige sin. In 2015 a chuirfear an leabhrán ar fáil d'iarrthóirí atá ag tabhairt faoin scrúdú in 2016. Cuirfear an leabhrán ar fáil in 2016 d'iarrthóirí atá ag tabhairt faoin scrúdú in 2017.

8. Cuirtear an ciorclán seo, agus liostaí na dteideal don obair dhialainne atá in éineacht leis, ar a súile do na múinteoirí a mbaineann siad leo, le bhur dtoil.

9. Cuirtear cóip den chiorclán seo ar fáil d'ionadaithe cuí na dtuismitheoirí agus na múinteoirí, le bhur dtoil, lena cur ar aghaidh go dtí tuismitheoirí agus múinteoirí indibhidiúla.

Philoméin Ní Mhaolmhichíl
Oifigeach Foirne
Nollaig 2015

Teidil Dualgais don Obair Dhialainne san Oideachas Reiligiúnach

do Scrúdú an Teastais Shóisearaigh in 2016

Dhá theideal atá tugtha i ngach roinn den siollabas. Tá ar na hiarrthóirí obair dhialainne a chur isteach faoi **aon teideal amháin**. Tig leis na hiarrthóirí teideal **amháin** ar bith a roghnú as an liosta seo a leanas de theidil don obair dhialainne:

Roinn A. Pobail Chreidimh

a. 1. Scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi a mbaineann **dhá** Eaglais *nó* **dhá** ord rialta leas as an tseanmóireacht in Éirinn sa lá atá inniu ann chun a ndearcadh ar an saol a chur in iúl agus a roinnt.

a. 2. Próifíl a dhéanamh den chaoi a gcuireann gluaiseacht an éacúiméineachais in Éirinn sa lá atá inniu ann meas ar an gcreideamh reiligiúnach chun cinn i measc na mball de shainchreidimh éagsúla Chríostaí.

Roinn B. Bunús an Reiligiúin – an Chríostaíocht

b. 1. *Ba chuid d'Impireacht na Róimhe í an Phalaistín in aimsir Chríost.*
Measúnacht a dhéanamh ar na slite a ndeachaigh an pháirtíocht in impireacht na Róimhe i bhfeidhm ar shaol Chríost mar a léirítear sna Soiscéalta é.

b. 2. Comparáid a dhéanamh idir ceann **amháin** de na céad phobail Chríostaí agus pobal Críostaí sa lá atá inniu ann, i dtéarmaí a gcreidimh, a gcleachtas adhartha agus a slí mhaireachtála.

Roinn C. Bunús an Reiligiúin – Mór-Reiligiúin Dhomhanda

c. 1. ◆ AN BÚDACHAS ◆ AN HIONDÚCHAS ◆ AN tIOSLÁMACHAS ◆ AN GIÚDACHAS
Taighde a dhéanamh ar fhorbairt ceann **amháin** de na reiligiúin dhomhanda thuas. Bíodh tagairt agat do líon na mball atá ina gcónaí in Éirinn sa lá atá inniu ann agus do dháileadh na mball i bpáirteanna eile den domhan.

c. 2. ◆ AN BÚDACHAS ◆ AN HIONDÚCHAS ◆ AN tIOSLÁMACHAS ◆ AN GIÚDACHAS
Próifíl a dhéanamh den chaoi ar tharla téacs diaga a luaitear le ceann **amháin** de na reiligiúin dhomhanda a luaitear thuas a bheith san fhoirm ina bhfuil sé faoi láthair.

Roinn D. Ceist an Chreidimh

d. 1. Fiosrúchán a dhéanamh faoi na fáthanna a gcuireann ógánaigh suim i gceisteanna faoi bhrí na beatha sa lá atá inniu ann.

d. 2. Anailís a dhéanamh ar an ról is féidir a bheith ag an gcreideamh reiligiúnach in aimsiú freagraí ar cheisteanna faoi bhrí na beatha sa lá atá inniu ann.

Roinn E. Ceiliúradh an Chreidimh

e. 1. Scrúdú a dhéanamh ar na cosúlachtaí idir **dhá** áit in Éirinn a bhfuil tábhacht reiligiúnach ag baint leo do dhaoine sa lá atá inniu ann.

e. 2. Staidéar a dhéanamh ar nádúr agus ar fheidhm na haithrí mar fhoirm urnaí ag na baill de thraidisiún reiligiúnach.

Roinn F. Dúshlán na Moráltachta

f. 1. Fiosrúchán a dhéanamh faoin gcaoi ar féidir le breithiúnas duine ar an rud atá ceart agus ar an rud atá mícheart forbairt de réir mar fhásann sé/sí ón anabaíocht mhorálta go dtí an aibíocht mhorálta.

f. 2. Anailís a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh tionchar a bheith ag saor-rogha duine ar a t(h)uiscint ar an rud atá i gceist le bheith morálta.

Teidil Dualgais don Obair Dhialainne san Oideachas Reiligiúnach

do Scrúdú an Teastais Shóisearaigh in 2017

Dhá theideal atá tugtha i ngach roinn den siollabas. Tá ar na hiarrthóirí obair dhialainne a chur isteach faoi **aon teideal amháin**. Tig le hiarrthóirí teideal **amháin** ar bith a roghnú as an liosta seo a leanas de theidil don obair dhialainne:

Roinn A. Pobail Chreidimh

a. 1. Próifíl a dhéanamh den chaoi a gcuireann sainchreideamh Críostaí sa lá atá inniu ann an chaoinfhulaingt agus meas ar chreidimh reiligiúnacha mhór-reiligiúin dhomhanda eile chun cinn.

a. 2. Anailís a dhéanamh ar an gcaoi a gcuireann eagraíocht reiligiúnach in Éirinn sa lá atá inniu ann a bhfís inspioráideach de phobal creidimh in iúl.

Roinn B. Bunús an Reiligiúin – an Chríostaíocht

b. 1. Fiosrúchán a dhéanamh faoin tionchar a bhí ag aiséirí Íosa ar **bheirt** dá chuid deisceabal mar a léirítear sna Soiscéalta é.

b. 2. Staidéar a dhéanamh ar na cosúlachtaí agus ar na difríochtaí idir an cuntas a thugtar ar shaol Íosa i bhfoinse stairiúil agus an cuntas atá tugtha i gceann de na Soiscéalta.

Roinn C. Bunús an Reiligiúin – Mór-Reiligiúin Dhomhanda

c. 1. ◆ AN BÚDACHAS ◆ AN HIONDÚCHAS ◆ AN tIOSLÁMACHAS ◆ AN GIÚDACHAS
Taighde a dhéanamh ar an gcaoi ar mhair na daoine agus ar na creidimh reiligiúnacha a bhí coitianta i measc na ndaoine sa chuid den domhan inar bunaíodh ceann **amháin** de na reiligiúin thuas.

c. 2. ◆ AN BÚDACHAS ◆ AN HIONDÚCHAS ◆ AN tIOSLÁMACHAS ◆ AN GIÚDACHAS
Cás-staidéar a dhéanamh ar na bealaí a ndéanann baill ceann **amháin** de na reiligiúin thuas comóradh gach bliain ar am a mbaineann tábhacht reiligiúnach léi.

Roinn D. Ceist an Chreidimh

d. 1. *Is féidir creideamh reiligiúnach a chur in iúl san urnaí, san adhradh agus sa tslí mhaireachtála.*
Scrúdú ar an bhfianaise leis an ráiteas seo i saol duine creidimh a luaite le scéal mór-reiligiúin dhomhanda a bhfuil staidéar déanta agat air.

d. 2. Suirbhé a dhéanamh ar na tosca a mbíonn tionchar acu ar chreideamh reiligiúnach déagóirí i gceantar in Éirinn sa lá atá inniu ann.

Roinn E. Ceiliúradh an Chreidimh

e. 1. *Cur síos amháin ar íocóin reiligiúnacha ná pictiúirí siombalacha.*
Cás-staidéar a dhéanamh ar phríomhghnéithe agus ar chuspóir íocóin reiligiúnaigh **amháin** dá leithéid a luaitear le pobal creidimh sa lá atá inniu ann.

e. 2. *An urnaí – an gá le cumarsáid a dhéanamh le Dia.*
Machnamh a dhéanamh ar an ról atá ag an achainí mar fhoirm urnaí do na baill de mhór-reiligiún domhanda sa lá atá inniu ann.

Roinn F. Dúshlán na Moráltachta

f. 1. Scrúdú a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag cód morálta reiligiúnach ar stíl mhaireachtála déagóirí sa lá atá inniu ann.

f. 2. Fiosrúchán ar an bpróiseas a dtéann duine atá aibí ó thaobh na moráltachta de tríd chun teacht ar chinneadh maidir leis an rud atá ceart nó mícheart ar ócáid áirithe.